

Cad is meán ann?

Is féidir meáin a úsáid le ráitis ghinearálta a dhéanamh agus le tátail a bhaint as tacar sonraí.

Cineálacha meán

Úsáideann muid trí chineál meán de ghnáth:

1. **Meán:** suim na n-uimhreacha ar fad ÷ líon na n-uimhreacha
2. **Airmheán:** an uimhir sa lár i liosta uimhreacha atá in ord
3. **Mód:** an uimhir/rud is coitianta



An meán a ríomh

Meán: suim na n-uimhreacha ar fad ÷ líon na n-uimhreacha.

1. Suimigh na huimhreacha uilig.
2. Faigh líon na n-uimhreacha (cá mhéad uimhir atá ann).
3. Roinn suim na n-uimhreacha ar líon na n-uimhreacha.

Sampla

Faigh **meán** na n-uimhreacha seo a leanas:

13, 18, 13, 14, 13, 16, 14, 21, 13

1. $13 + 18 + 13 + 14 + 13 + 16 + 14 + 21 + 13 = 135$
2. 9 n-uimhir
3. $135 \div 9 = 15$

Meán = 15

Cineálacha eile meán

Nóta Múinteora: Baineann seo le Leibhéal 6 ach tá sé luaite anseo mar eolas don dalta.

An t-airmheán a ríomh

Airmheán: an uimhir sa lár i liosta uimhreacha atá in ord.

1. Cuir na huimhreacha in ord, ón uimhir is lú go dtí an uimhir is mó.
2. Leis an uimhir sa lár a fháil, suimigh 1 le líon na n-uimhreacha agus roinn an freagra ar 2.

Sampla

Faigh **airmheán** na n-uimhreacha seo a leanas:

13, 18, 13, 14, 13, 16, 14, 21, 13

1. Cuir in ord iad:
13, 13, 13, 13, 14, 14, 16, 18, 21
2. Faigh an uimhir sa lár.
Tá 9 n-uimhir sa liosta; $9 + 1 = 10$, $10 \div 2 = 5$
mar sin is é an cúigiú huimhir atá sa lár:
13, 13, 13, 13, **14**, 14, 16, 18, 21

Airmheán = 14

An mód a fháil

Mód: an uimhir is coitianta.

Sampla

Faigh **mód** na n-uimhreacha seo a leanas:

13, 18, 13, 14, 13, 16, 14, 21, 13

Mód = 13, mar is é 13 an uimhir is coitianta.

In amanna, bíonn níos mó ná mód amháin ann.

Sampla

Faigh **mód** na n-uimhreacha seo a leanas:

11, 12, 14, 15, 15, 17, 18, 19, 19

Tá 2 mhód ann: 15 agus 19.

Leibhéal 5

An meán a thuiscint, a ríomh agus a úsáid.